F/ch Oifig Choillte,
Crosaire Uí Airtnéide,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí, P12 XA5

Meitheamh 2022

A Úinéir Tí, a chara,

Thar aon ní eile, tá súil agam go bhfuil tú slán agus sábháilte. Ar eagla nach raibh tú ar an eolas faoi, ba mhaith liom a chur in iúl duit go bhfuil FuturEnergy Ireland ('Fuinneamh In-Athnuaite Coillte' tráth), i bpáirtnéireacht le SSE Renewables, go gníomhach ag fiosrú deise maidir le feirm ghaoithe a fhorbairt i nGort Uí Rathaile i bparóiste Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí.

Tá an tionscadal beartaithe maidir le Feirm Ghaoithe Ghort Uí Rathaile ag an gcéim anois ina bhfuil na sonraí timpeallachta ar fad bailithe agus sainscagtha chun teacht ar leagan amach beartaithe. Iniata leis an litir seo tá bróisiúr ina leagtar amach go mionsonraithe gach gné den bhforbairt atá beartaithe maidir le Feirm Ghaoithe Ghort Uí Rathaile. Ina theannta is féidir féachaint ar Thuras Fíorúil ag www.gortyrahillywindfarm.ie, lena n-áirítear breis sonraí suirbhéireachta agus grianghrafanna den gceantar.

Má tá aon chúnamh uait conas an Turas Fíorúil a úsáid, níl ort ach teagmháil a dhéanamh liom agus cabhróidh mé leat. Dóibh siúd nach bhfuil teacht acu ar an idirlíon, déanaigí teagmháil liom, le bhur dtoil, agus cuirfidh mé freagraí ar fáil ar aon cheisteanna a bheidh agaibh, chomh maith le crua chóipeanna de na sonraí atá sa *Turas Fíorúil* de réir mar a theastóidh. Mar Oifigeach Idirchaidreamh Pobail, táim sásta cabhrú leat in aon slí gur féidir liom.

D'fhéadfadh ceisteanna a bheith agat tar éis duit an bróisiúr a léamh nó an Turas Fíorúil a thabhairt. Le linn an tsamhraidh, reachtálfar Seimineár Gréasáin agus na dhiaidh sin clinic ghníomhaíochta chun deis a thabhairt duit bualadh le foireann am tionscadail aon cheisteanna ar mian leat a chur ar an bhfoireann a chur orthu. Idir an dá linn, má tá aon ghné in aonchor den tionscadal ar mian leat a phlé níos mine, bí i dteagmháil liom le do thoil ar 087 9712151 nó ar gortyrahilly@futurenergyireland.ie.

Is mise le meas,

Breandán Ó Tuama
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Teileafón díreach:	087 971 2151
R-phost:	gortyrahilly@futurenergyireland.ie
Suíomh Gréasáin:	www.gortyrahillywindfarm.ie
Seoladh Poist:	F/ch Breandán Ó Tuama, Oifig Choillte, Crosaire Uí Airtnéide, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 XA5

Directors: Barry Gavin (Chair), Henry Bouchier, David Feeney, David McNamara, Gerard Murphy, William Stanley, William Young. **Company Registration Number:** 683948

futurenergyireland.ie